

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31
**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**




Traenáil Feasachta ar an Néaltrú / HSE Dementia Awareness Training
Beidh Traenáil Feasachta ar an Néaltrú ón HSE ar siúl ar 16ú Meán Fómhair, ó 7:00pm go 8:30pm, in An Crompán, An Cheathrú Rua.
Le tuilleadh eolais nó le clárú, cuir glaoch ar Peter ar 085 2675863.

*HSE Dementia Awareness Training will take place on 16th September, from 7:00pm to 8:30pm, in An Crompán, Carraroe.*
*For more information or to register, contact Peter on 085 2675863.*

## Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na híobartha seo.
Go líona sé ár gcroíthe le grásta.
Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,
Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,
Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)


## Bí Thusa mo shúile

Bí Thusa mo shúile A Rí mhór na ndúl Líon thusa mo bheatha Mo chéadfaí 's mo stuaim Bí thusa i m'aigne Gach oíche 's gach lá Im' chodladh nó im' dhúiseacht Líon mé le do ghrá.

Bí thusa mo threorú I mbriathar 's i mbeart Fan thusa go deo liom Is coinnigh mé ceart Glac cúram mar Athair Is éist le mo ghuí 'S tabhair dhomsa áit chónai' Istigh i do chroí.




Féile John Ford · An Spidéal,
Co n Gaillimhe
11 – 13 Meán Fómhair 2026



# Paróiste An Spidéil

## 24ú Domhnach A
### 12ú/13ú Meán Fómhair 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éinde, Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 13ú | 11.00r.n. | Pádraic Ó Conghaile & a thuismitheoirí | *Bothúna* |
| | | | Baibín Uí Churridhín **Céad Cuimhneachán** | *Cnocán Glas* |
| | | | Seamas Ó Cualáin **20ú Cuimhneachán** | *Spidéal/ An Longfort* |
| | | | Margaret Folan, | *Baile Ard* |
| | | | Seán Ó Cualáin, (John Jamsie) a bhean Ellie, agus mhac Seán | *Sráid Bhaile an Spidéal* |
| Dé Céadaoin | 16ú | 10.00r.n. | An tSr Jane Vereker & a muintir | *Cnoc Mhuire* |
| Déardaoin | 17ú | 10.00r.n | *Missa Pro Populo* | |
| Dé hAoine | 18ú | 10.00r.n. | | |
| Dé Domhnaigh | 20ú | 11:00r.n. | Marie & Vin Wilson & a gclann | *Sidheán/Liverpool* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 12ú | 6.30i.n. | Pádraic & Sara Donoghue , agus dhá mhac Pádraic & Matt | *Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 19ú | 6:30i.n. | Barry Ó Fátharta **2ú Cuimhneachán** | *Ros a'Mhíl* |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 12ú | 9:30am | | |
| Dé Domhnaigh | 20ú | 9:30am | Pete Ó Cualáin | *Minna* |

## Tuarastal an tSagairt don Fhómhair

Tá Tuarastal an tSagairt don Fhómhair ag teacht isteach anois. Clúdaigh breise ar fáil ar na boird do dhaoine nach dtógann an bosca.

**Míle buíochas as a bheith flaithiúil i gcónaí sna bailiúcháin.**

**Loinneog don Iontróid—** cf. Sír 36:18
Tabhair síocháin dá bhfuil ag tnúth leat, a Thiarna i dtreo go mbeidh teist na fírinne ar d'fháithe; éist le hurnaithe do shearbhónta agus do mhuintire, Israél.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach…..**
Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, a chruthaitheoir agus a riarthóir an uile ní, tabhair aird orainn; deonaigh go ngéillfimid duit ó chroí go hiomlán agus go mbraithfimid éifeacht do mhaithiúnais inár saol. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Sírach – 27:30 – 28:7*
Fearg agus fraoch, is duáilcí déistineacha iad sin,
ach faightear iad i gcroí an pheacaigh. An té a imríonn díoltas, imreoidh an Tiarna díoltas air, mar coinníonn sé cuntas cruinn ar a pheacaí.
Maith do do chomharsa an éagóir a dhéanann sé, agus nuair a dhéanfaidh tú guí, maithfear do pheacaí duit.
Má choimeádann duine olc istigh do dhuine eile,
conas is féidir leis leigheas a lorg ón Tiarna?
Mura ndéanann sé trócaire ar dhuine atá cosúil leis féin, conas is féidir leis maithiúnas a iarraidh ina pheacaí féin?
Má chothaíonn sé fearg agus gan ann féin ach duine,
cé a mhaithfidh a chuid peacaí dó?
Cuimhnigh ar do chríoch dhéanach, agus cuir uait an fuath. Cuimhnigh ar an oidhe agus ar an mbás, agus coimeád na haitheanta go dílis.
Cuimhnigh ar na haitheanta,
agus ná bí i bhfeirg le do chomharsa.
Cuimhnigh ar chonradh an Té is Airde
agus scaoil tharat cionta do chomharsan.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 102
*Fr: Is grámhar trócaireach é an Tiarna,*
*foighneach agus lán de cheansacht.*

1. Gabh buíochas leis an Tiarna, a anam liom,
beannaíodh a bhfuil istigh ionam a ainm naofa.
Gabh buíochas leis an Tiarna, a anam liom,
is ná déan dearmad dá thíolaicí go léir. *(Fr)*

2. Eisean a mhaitheann do chionta go léir,
a shlánaíonn d'easláintí go léir,
a fhuasclaíonn do bheatha ón mbás,
a chorónaíonn thú le grá is le trua. *(Fr)*

3. Ní bheidh sé go míchéata i gcónaí,
ní bheidh sé i bhfeirg de shíor.
Ní de réir ár bpeacaí a roinneann sé linn:
ní de réir ár gcionta a chúitíonn sé sinn. *(Fr)*

4. Óir ní airde neamh os cionn talún
ná méid a bhuanghrá do lucht a eaglaithe;
ní faide an t-oirthear ón iarthar
ná an fad a chuireann sé ár gcionta uainn. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól cuig na Rómhánaigh – 14:7-9*
A bhráithre, ní dó féin a mhaireann aon duine againn ná ní dó féin a fhaigheann sé bás. Má mhairimid beo is ar son an Tiarna a mhairimid agus más bás a fhaighimid is ar son an Tiarna é chomh maith. Cibé acu beo nó marbh dúinn, mar sin, is leis an Tiarna sinn. Mar is chuige seo a fuair Críost bás agus d'éirigh beo ó na mairbh chun go mbeadh tiarnas aige ar bheo agus ar mhairbh araon.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Is mise solas an tsaoil,' a deir an Tiarna. 'An té a leanfaidh mise, beidh aige solas na beatha.'
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 18:21-35*
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha.*
Tháinig Peadar chuig Íosa agus dúirt leis: 'A Thiarna, cé mhéad uair ba cheart dom pardún a thabhairt do mo bhráthair nuair a chiontaíonn i m'aghaidh? go dtí seacht n-uaire?' Dúirt Íosa leis: 'Ní go dtí seacht n-uaire a deirimise leat ach go dtí seacht n-uaire seachtód.

'Agus dá réir sin is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag rí arbh áil leis cuntais a réiteach lena chuid seirbhíseach. Agus i dtosach an réitigh dó tugadh chuige duine a raibh deich míle tallann amuigh air. Agus ó tharla gan an t-íoc a bheith aige, d'ordaigh an máistir é a dhíol, agus a bhean agus a chlann agus a raibh aige, agus an t-íoc a dhéanamh. Mar sin, chaith an seirbhíseach é féin ar lár, agus ag umhlú dó dúirt: "Bíodh foighne agat liom, a mháistir, agus íocfaidh mé an t-iomlán leat." Agus le barr trua, scaoil máistir an tseirbhísigh sin uaidh é agus mhaith na fiacha dó. Ag dul amach don seirbhíseach sin, casadh air duine dá chomhsheirbhísigh a raibh céad déanar aige féin air, agus rug sé greim scóige air ag rá: "Íoc a bhfuil amuigh ort!" Mar sin, chaith a chomhsheirbhíseach é féin ar lár ag achainí air: "Bíodh foighne agat liom," ar seisean, "agus íocfaidh mé leat é," Ach níorbh áil leis siúd é gan dul agus é a theilgean i bpríosún nó go n-íocfadh sé na fiacha. Nuair a chonaic a chomhsheirbhísigh an méid sin, ghabh buaireamh mór iad, agus chuaigh siad ag insint an scéil ar fad dá máistir. Chuir an máistir fios air: "A sheirbhísigh mhallaithe," ar seisean, "mhaith mé féin duitse na fiacha úd ar fad mar go ndearna tú achainí orm. Nár cheart go ndéanfása mar an gcéanna trócaire ar do chomhsheirbhíseach faoi mar a rinne mise trócaire ort?" Agus le barr feirge thug a mháistir suas do na céastúnaigh é nó go n-íocfadh sé na fiacha leis go hiomlán. Sin é freisin mar a dhéanfaidh m'Athair neamhaí libhse é ach mura maithe gach duine agaibh dá bhráthair féin ó chroí.'
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***Seanmóir: An Spórt don sláinte & don spraoi inniu;***
***An Creideamh don bheatha & don slánú síoraí.***
*(ar fáil ar www.cilleinde.ie)*

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi**
**Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus**
**adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

**Os Cionn na nOfrálacha**
Éist lenár n-urnaithe, a Thiarna, agus glac go lách le hofrálacha seo do mhuintire. An t-ómós a thugann gach duine ar leith againn duit, go dté sé chun tairbhe dár slánú go léir. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Ar nAthair atá ar neamh......**

**A Uain Dé, a thógann peacai an domhain, déan trócaire orainn…………**

**Iarchomaoineach**
A Thiarna, tugann tú bia agus beatha dúinn ó bhord do bhriathair agus do shacraiminte. Go dté tabhartas do Mhic mhuirnigh chun tairbhe dúinn agus go seola sé chun na beatha síoraí sinn i bpáirt leis féin. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**
*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**

*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**

*Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.* **Buíochas le Dia.**